Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14740/1/26
REV 1

PROBA 36
DEVGEN 172
FORETS 142
ENV 1269
WTO 118

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach - Glacadh

1. An 11 Meán Fómhair 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta nó ionstraim eile a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Thrádhtearraí (PROBA) an dréachtchinneadh ón gComhairle ag na cruinnithe a bhí aici an 25 Meán Fómhair, an 19 Deireadh Fómhair agus an 21 Deireadh Fómhair 2026.

[1] 13076/26 + ADD 1.

3. An 21 Deireadh Fómhair 2026, tháinig PROBA ar chomhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais de bhun Airteagail 207(4), an chéad fhomhír, CFAE agus le haghaidh ábhair a thagann faoi inniúlacht roinnte an Aontais de bhun 192(1) CFAE agus ar ghlac an tAontas rialacha comhchoiteanna ina leith, le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach. Ag an gcruinniú céanna, tháinig PROBA ar chomhaontú freisin maidir leis na treoracha caibidlíochta.

4. I gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, d'aontaigh PROBA go ngníomhóidh sé mar an Coiste Speisialta nach mór don Choimisiún an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leis. Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don choiste speisialta sin maidir le dul chun cinn na caibidlíochta agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal an chomhair dhílis.

5. A mhéid a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht ábhair a roinneann an tAontas inniúlacht leis na Ballstáit ina leith ach nach bhfuil rialacha comhchoiteanna leagtha síos ag an Aontas ina leith, comhaontaíonn na Ballstáit go ndéanfaidh an Coimisiún caibidlíocht thar a gceann.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle:

   – an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach mar a leagtar amach in 14737/26 é ach a mbeidh athbhreithniú dlí agus teanga déanta air, agus na treoracha caibidlíochta a ghabhann leis a leagtar amach in 14737/26 ADD 1 a ghlacadh.

7. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus tarchuirfear an Cinneadh ón gComhairle chuig an bParlaimint.

8. Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*[2].

---

[2] I gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.